## Dámhachtain Sparánachta do Chleachtóir Cruthaitheachta

## Treoirlínte do hIarratais na bliana 2025

- Cuir isteach d'iarratas faoi 25 Feabhra 2025.
- Cuirtear isteach an fhoirm iarratais chríochnúil trí na ceisteanna ar an bhfoirm ar líne a fhreagairt agus na cáipéisí is gá a chur ar fáil a uaslódáil.

## Sula dtosaítear ar iarratas:

- Léigh na treoirlínte thíos go mion.
- Is próiseas ar líne atá san iarratas.
- Má tá tú faoi mhíchumas agus go bhfuil deacrachtaí agat úsáid a bhaint as seirbhísí ar líne nó teacht a bheith agat orthu dá bharr, déan teagmháil le Comhairle Cathrach na Gaillimhe trí ghlaoch ar an uimhir 091 536 400.

## 1. Léargas Ginearálta ar an Scéim Sparánachta do Chleachtóir Cruthaitheachta:

I gcomhréir leis an Acht Ealaíon 2003, cuirfidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe fáilte roimh iarratais ar an Dámhachtain Sparánachta do Chleachtóir Cruthaitheachta.

Bronntar an sparánacht ar chleachtóirí cruthaitheachta atá lonnaithe i gCathair na Gaillimhe chun cuidiú leo saothar nua a fhorbairt agus tacú le cleachtais chruthaitheacha agus ghairmiúla.
Is é an cuspóir atá leis an sparánacht ná tacaíocht airgid a chur ar fáil do dhaoine aonair agus do ghníomhaíochtaí a chuireann le spéis an phobail sna healaíona, a chuireann eolas chun cinn ina leith nó a fheabhsaíonn caighdeáin ina leith.

**Is féidir na nithe seo a leanas a mhaoiniú faoin gciste:**

- Athrú ar an treo oibre atá ag cleachtóir cruthaitheachta. Taighde a dhéanamh ar shaothar nua, saothar nua a fhorbairt agus a chur i láthair a mbeadh tionchar suntasach aige ar chleachtas cruthaitheachta gairmiúil an iarratasóra.
- Deiseanna maidir le forbairt ghairmiúil, meantóireacht, oideachas nó oiliúint (ní áirítear staidéar tríú leibhéal).
- Costais bhunriachtanacha i dtaca le saothar cruthaitheachta a dhéanamh. Costais i leith táirgeadh, cur i láthair, scaipeadh, taibhiú, foilsiú, léiriú agus ábhair; am an ealaíontóra; trealamh agus spás a fháil ar cíos, agus saineolas ó dhaoine eile.

**Treoir Bhreise:**

- Baineann na sparánachtaí le gníomhaíochtaí in 2025.

- Is féidir le hiarratasóirí iarratais a dhéanamh ar suas le €3,000. Idir €300 agus €2,500 a bhí dámhachtainí roimhe seo.
- D’fhéadfadh Comhairle Cathrach na Gaillimhe níos lú ná an méid a iarradh a dheonú.
- Ní bhronnfar maoiniú ach ar iarratais a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus beidh sé faoi réir an maoiniú atá ar fáil.
- Is maoiniú teoranta agus próiseas iomaíoch atá i gceist; dá bhrí sin, ní bheidh rath ar na hiarratasóirí ar fad. In 2024, fuair Comhairle Cathrach na Gaillimhe 87 iarratas agus bronnadh sparánacht ar 20 iarratasóir.
- Is cinneadh críochnaitheach é cinneadh Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i dtaca le sparánachtaí.

**Cé atá incháilithe don Sparánacht do Chleachtóir Cruthaitheachta?**

- Tá an sparánacht dírithe ar chleachtóirí cruthaitheachta aonair.
- Iarratasóirí a chuireann fúthu i Limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

**Cé nach bhfuil incháilithe don Sparánacht do Chleachtóir Cruthaitheachta?**

- Níor chóir d’eagraíochtaí ná grúpaí iarratas a dhéanamh.
- Iarratasóirí a chuireann fúthu lasmuigh de Limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

**Cad iad na nithe nach dtacaítear leo tríd an Sparánacht?**

- Taisteal idirnáisiúnta agus costais ghaolmhara.
- Iarratais ar chostais d'oideachas tríú leibhéal, staidéar fochéimí nó iarchéimí.
- Tionscnaimh atá mar chuid de ghníomhaíocht tiomsaithe airgid do charthanacht.
- Earraí móra ar nós ríomhairí glúine a cheannach.

**Maoiniú Poiblí:**

Meabhraítear d'iarratasóirí nach mór maoiniú poiblí a chaitheamh le soiléireacht, rialachas, luach ar airgead, agus cothroime de réir mar a leagtar amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. I gcás ina bhfaigheann iarratasóirí sparánachtaí/deontais ó ghníomhaireachtaí nó eagraíochtaí eile atá maoinithe go poiblí, ní mór d'iarratasóirí, mar choinníoll a ghabhann leis an maoiniú, dearbhú a thabhairt nach mbeidh aon dúbláil i gceist i dtaca le sparánachtaí/deontais don ghníomhaíocht/tionscadal céanna. Ní mór taifid airgeadais a sheoltar ar ais chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe a bheith ina dtaifid chríochnúla agus d'fhéadfaí iniúchóireacht a dhéanamh orthu.

**Measúnú ar Iarratais:**

- Is é an 25 Feabhra 2025 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais.
- Ní mór iarratais a bheith istigh faoin spriocdháta.
- Ní ghlacfar le hiarratais a bheidh mall.
- Eiseofar admháil fhoirmiúil mar aon le huimhir thagartha do d'iarratas laistigh de sheachtain amháin i ndiaidh an spriocdháta.
- Mura mbeidh comhfhreagras faighte agat laistigh den tréimse ama sin, is fútsa atá sé teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Ealaíon ag at arts@galwaycity.ie.
- Ní bheidh an Oifig Ealaíon ar fáil le haghaidh cruinnithe le hiarratasóirí le linn tréimhse iarratais na sparánachta.
- D'fhéadfaí iarratais a dhícháiliú mar gheall ar chanbhasáil.

**Cén t-ábhar taca is gá a chur le hiarratas?**

- Samplaí de shaothar a rinneadh roimhe seo.
- Cinntigh go bhfuil lipéad ar do chuid samplaí, go mbaineann siad le do chleachtas, nach bhfuil siad faoi ghlas ag pasfhocal, agus go bhfuil comhaid mheán eagraithe ina spól samplach nó nach bhfuil siad rófhadálach lena n-athbhreithniú.
- 350 Mb (Meigibhearta) an ceangaltáin is atá ár bhfreastalaí in ann a láimhseáil.
- Má bhaineann an saothar le roinnt cruthaitheoirí, tabhair míniú ar an ról a bhí agat.

- C.V. an iarratasóra agus daoine eile a raibh baint acu leis, más ábhartha, ar nós meantóir.
- Buiséad lena dtugtar míniú ar chostais ar fad na gníomhaíochta atá beartaithe agat.
- Fianaise ar thacaíocht nó comhpháirtíochtaí i litreacha tacaíochta.
- Más ag lorg maoiniú do thionscadal níos mó atá tú (cistiú meaitseála), cuir mionsonraí ar fáil maidir le cistí eile agus na foinsí.
- Ní mór gach ábhar tacaíochta a chur isteach in éineacht le d'iarratas.

## 2. **MEASÚNÚ AR IARRATAIS**

- Déantar d'iarratas a mheas bunaithe ar an bhfaisnéis ar fad a chuirtear ar fáil laistigh de chomhthéacs iomaíoch. Ní mór duit d'iarratas ar Sparánacht do Chleachtóir Cruthaitheachta 2025 a bheith istigh agat faoin spriocdháta. Ní ghlacfar le hiarratais a bheidh mall. Gheobhaidh tú admháil fhoirmiúil go bhfuil d'iarratas faighte taobh istigh de sheachtain amháin i ndiaidh an dáta deiridh.
- Mura mbeidh freagra faighte agat laistigh den tréimhse ama sin, is fútsa atá sé teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Ealaíon ag arts@galwaycity.ie. Is é Painéal na Sparánachta do Chleachtóir Cruthaitheachta a dhéanann gach iarratas a mheas.

## 3. **CRITÉIR**

**Déantar iarratais a mheas, a mharcáil agus a ualú trí leas a bhaint as na critéir seo:**

| | | |
|---|---|---|
| A | **Ealaíonta** | 40% |
| B | **Straitéiseach** | 30% |
| C | **Oibríochtúil** | 30% |

A. **EALAÍONTA**

- Uaillmhian ealaíonta na gníomhaíochta atá beartaithe.
- Caighdeán an tsaothair ealaíne a léirítear sna hábhair tacaíochta.
- Caighdeán na gníomhaíochta ealaíne atá beartaithe.
- An tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar chleachtas cruthaitheachta an duine aonair.

D'fhéadfaí cur síos a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí nó ar torthaí saothar roimhe seo (ar nós taispeántas) i ndiaidh 2025 mar thorthaí pleanáilte, más ábhartha.

B. **STRAITÉISEACH:**

Ábharthacht straitéiseach i gcomhthéacs réigiúnach/náisiúnta, ar nós:

- An tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag do thionscadal nó gníomhaíocht ar dhaoine eile, mar shampla, ar fhoirm ealaíne, ar chleachtóirí, nó ar lucht spéise, nó aghaidh a thabhairt ar chleachtais a fhorbairt a mbaineann dúshláin shonracha, gheilleagracha nó eile leo.

- Conas mar a thagann an ghníomhaíocht atá beartaithe le tosaíochtaí Chathair na Gaillimhe, réigiúnacha nó náisiúnta? D'fhéadfadh tú tagairt a dhéanamh do Treoracha Nua:  Plean Straitéiseach do na hEalaíona 2021-2026 Chomhairle Cathrach na Gaillimhe nó do thaighde, saineolas, athbhreithnithe, nó straitéisí eile atá ábhartha.

**C. OIBRÍOCHTÚIL**

- Indéantacht an togra: Cuir do phlean, amlíne, buiséad, agus fianaise ar do chumas an ghníomhaíocht a chur i gcrích san áireamh.
- Fianaise dhoiciméadach ar do ghníomhaíocht bheartaithe ar nós glacadh ó siompóisiam, conradh le meantóir, nó litreacha tacaíochta.
- An plean maidir leis an bpróiseas cruthaitheach; torthaí cruthaitheachta, do chuid smaointe, agus doiciméid airgeadais a dhoiciméadú i dtuarascáil do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.
- Ní mór an ghníomhaíocht mhaoinithe agus úsáid na gcistí a chur i gcrích in 2025.

## 4. D'IARRATAS A CHUR ISTEACH

Tabhair ar aird gur 350mb an ceangaltáin is mó atá ár bhfreastalaí in ann glacadh leis. Is é an t-iarratasóir atá freagrach as an ainm úsáideora agus an pasfhocal ós rud é nach bhfuil rochtain ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Molfaimid duit iad sin a shábháil chomh luath agus a chuireann tú tús leis an

bpróiseas. Is féidir leat d’fhoirm a shábháil de réir mar a bheidh tú ag oibriú uirthi ar líne.

Má theastaíonn cúnamh uait le d’iarratas, déan teagmháil le arts@galwaycity.ie chomh luath agus is féidir.

**5. COINNÍOLLACHA D’IARRATASÓIRÍ A nÉIRÍONN LEO**

- Ní mór an maoiniú a bheith caite faoin 30 Meán Fómhair 2025.
- Bronnfar an maoiniú ina dhá leith: íoctar 50% nuair atá an comhaontú sínithe agus íoctar 50% nuair atá an ghníomhaíocht curtha i gcrích agus an tuarascáil deiridh curtha ar aghaidh.

Pá Ealaíontóirí: Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe dúthrachtach faoi ealaíontóirí a íoc go cothrom agus go cóir. Féach Treoir na Comhairle Ealaíon maidir le cleachtais íocaíochta córa.

6. SAORÁIL FAISNÉISE:

Molann Comhairle Cathrach na Gaillimhe go gcuirfí an fhaisnéis seo a leanas faoin iarratas ar dheontas seo ar fáil ach í a iarraidh:

- Ainm iarratasóirí a n-éiríonn leo.
- Na cúiseanna nár éirigh le hiarratasóir cáiliú i dtaca le deontas a bhreithniú.

Tá fáilte romhat aiseolas a iarraidh mura gcáilíonn d'iarratas le haghaidh maoinithe.  D'fhéadfaí faisnéis a chuirtear ar fáil do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a nochtadh mar freagra ar iarraidh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014.Iarrtar ar iarratasóirí a mheas cé acu ar chóir nó nár chóir aon chuid den fhaisnéis a chuirtear ar fáil a nochtadh mar gheall ar a híogaireacht. Más amhlaidh an cás, ba chóir d'iarratasóirí, le linn dóibh an fhaisnéis a chur ar fáil, an t-ábhar íogair sin a thabhairt le fios agus na cúiseanna a bhfuil sé íogair a mhíniú. Mura gcuirtear faisnéis dá leithéid in iúl mar fhaisnéis íogair agus mura measann Comhairle Cathrach na Gaillimhe gur faisnéis íogair atá i gceist i ndiaidh í a bhreithniú, d'fhéadfaí faisnéis dá leithéid a nochtadh mar fhreagra ar iarraidh faoi Shaoráil Faisnéise gan dul i gcomhairle arís eile leis na hiarratasóirí. Rachaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe i gcomhairle le haon iarratasóirí maidir le faisnéis íogair sula ndéantar cinneadh faoi aon iarraidh faoi Shaoráil Faisnéis a fhaightear. Foilseofar sonraí maidir le hiarratasóirí a n-éiríonn leo ar ár suíomh gréasáin agus ar chainéil ar na meáin shóisialta. Chun eolas a chur ar fhorálacha an Achta, féach ar www.foi.gov.ie.

## 7. COSAINT SONRAÍ

Déanfar an fhaisnéis phearsanta ar fad a fhaightear a choinneáil i gcomhréir lenár bPolasaí Cosanta Sonraí, atá ar fáil ar Beartas um Chosaint Sonraí.

## 8. CEISTEANNA

Seol ríomhphost chuig arts@galwaycity.ie le 'Sparánacht do Chleachtóir Cruthaitheachta 2025' sa líne ábhair.